# Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú

## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

***Aistear***

*Téamaí*: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, *Cumarsáid a Dhéanamh*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*
*Treoirlínte don Dea-Chleachtas*: Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt tríd an measúnú (lgh. 72-102)
Treoir d'Úsáideoirí (lgh. 12-22)

**Caighdeáin *Síolta***

1: *Cearta an Linbh*, C1.1, 1.2, 1.3
6: *Súgradh*, C6.3, 6.5, 6.7
7: *Curaclam*, C7.1, 7.5, 7.6
*Achoimrí Taighde* atá nasctha leis na *Caighdeáin* thuas

Taispeánann an doiciméadacht duit conas tacú le foghlaim agus le forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga agus pleanáil dóibh. Bíonn foghlaim na leanaí sofheicthe léi agus is cuid thábhachtach í den phróiseas pleanála agus measúnachta. Nuair a bhíonn leanaí rannpháirteach sa phróiseas doiciméadaithe braitheann siad gur cuid den phróiseas iad. Cabhraíonn sé leo féachaint siar ar a n-eispéiris agus tuiscint níos doimhne a bheith acu ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt. Mar chleachtóir tugann sé deis duit a fheiceáil cén ghné d'eispéireas a raibh brí ar leith ag gabháil léi do leanaí aonair agus conas mar a thacaigh sí lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt. Cabhraíonn sé leat freisin pleanáil don chéad rud eile is féidir a dhéanamh chun plé le foghlaim agus forbairt na leanaí agus chun an fhoghlaim agus forbairt sin a shíneadh. Tugann sé deis do thuismitheoirí agus do dhaoine eile (mar shampla teiripeoirí nó cigirí) léirstean agus fianaise a bheith acu ar a bhfuil á fhoghlaim agus á fhorbairt ag na leanaí agus conas.

Le go mbeidh an doiciméadacht úsáideach agus lánbhríoch ní foláir í a dhéanamh go rialta. Nuair a dhéantar an beagán gach lá coimeádtar an fhaisnéis suas chun dáta. Uaireanta áfach, braitear go dtógann an doiciméadacht an-chuid ama. Tá rudaí áirithe ar féidir a dhéanamh le nach dtógfaidh sí suas a oiread sin ama. Maidir leis an doiciméadacht d'fhéadfadh na leideanna seo a bheith cabhrach:

- Coinnigh simplí é.... d'fhéadfadh grianghraf agus nóta gairid a bheith an-éifeachtach.
- Úsáid teimpléad le ceannteidil le nach mbeidh ort na ceannteidil chéanna a scríobh an t-am ar fad.
- Má úsáidtear nótaí ar ghreamáin ní gá nótaí scéalacha a athscríobh, ní bhíonn ort ach iad a ghreamú den teimpléad nó den taispeántas balla.
- Bíodh na leanaí rannpháirteach a oiread is féidir. Ciallaíonn sé sin gur féidir leat doiciméadú leis na leanaí cuid mhaith den am seachas nuair nach mbíonn siad in éineacht leat.
- Faigh córas a oireann duit féin.
- Cuir in iúl do thuismitheoirí cá bhfuil an doiciméadacht agus mol dóibh í a athbhreithniú go rialta. Ós rud é go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí ar an gcineál seo doiciméadachta cuimhnigh gan ach faisnéis ghinearálta faoi na leanaí a chur inti. Ní mór faisnéis rúnda a stóráil in áit slán, in oifig b'fhéidir.

Sa leidbhileog seo tugaimid roinnt samplaí de dhoiciméadacht éifeachtach nach dtógann an iomarca ama. Is féidir na modhanna seo a úsáid le gach aoisghrúpa, naíonáin, lapadáin agus leanaí óga.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Sampla 1: Grianghraf le teideal

Feicimid anseo grianghraf amháin le teideal gairid, *Bhí roth an tarracóra chomh ard céanna le Amy, Joshua agus Grace*. Ón ráiteas seo taispeánann an cleachtóir go raibh comhráite ar siúl faoi airde, a léiríonn go bhfuil fás ag teacht ar fheasacht matamaitice na leanaí óga. Thug na leanaí cabhair an grianghraf agus an teideal a roghnú.

## Sampla 2: Formáid ghréasáin

Leis an teimpléad gréasáin seo is féidir smaointe simplí a bhreacadh síos de réir mar a chuimhnítear orthu. Níos faide anall is féidir leat machnamh agus plé a dhéanamh ar conas tacú a thuilleadh leis an ábhar spéise seo agus roinnt grianghraf den mhéid a tharla a chur leis.




## Sampla 3: Nótaí greamaitheacha a úsáid

Bíodh nótaí greamaitheacha in aice láimhe agus breac síos nótaí faoi rudaí spéisiúla a fheiceann tú na leanaí a dhéanamh nó a chloiseann tú iad a rá. Chomh fada agus is féidir, cuir dóthain sonraí leis le nach mbeidh ort iad a athscríobh níos déanaí. Féadfaidh tú iad seo a chur le punann aonair na leanaí nó le dialanna foghlama grúpa. Cuimhnigh an dáta agus d'inisealacha a chur leis, agus naisc a dhéanamh le téamaí *Aistear* le go mbeidh an fhoghlaim níos sofheicthe.

## Eachtra cheomhar!

Tá dáta leis an gciorcal i lár an ghréasáin agus tá an teideal *Eachtra Cheomhar* scríofa isteach. Chuir na leanaí i seomra na lapadán an-spéis ann agus déantar nóta dá bhfuil le rá acu agus an ceo á phlé acu:

Cheap leanbh amháin go raibh sé ag cur báistí *Féach, tá an féar fliuch* a dúirt sé agus é ag cromadh síos chun lámh a chur ar an bhféar.


Dúirt leanbh eile *Tá ceo fliuch* fad a bhí a lámh á cuimilt aige leis an sleamhnán.

Dúirt leanbh amháin le leanbh eile *Ní fhéadfainn tú a fheiceáil ansin thall ach is féidir anois*.

*Ní féidir liom breith air* arsa leanbh eile agus í ag iarraidh breith ar an aer.


Bhí líonta damháin alla á gcuardach ag leanbh eile agus thaispeáin sé na líonta a bhí aimsithe aige.

Bhí iontas ar bheirt leanaí eile radharc a fháil is a chailleadh ar dhuine éigin ag teacht tríd an gceo.



## Sampla 4: Bíodh na leanaí páirteach ina bpunann féin

Tógann Jonathon a pháipéar agus a pheann luaidhe agus tarraingíonn pictiúr.




Nuair a chríochnaíonn sé téann sé go dtí an áit a bhfuil na punanna foghlama aonair á gcoinneáil, faigheann sé a phunann féin agus osclaíonn an póca plaisteach chun a phictiúr a chur isteach ann.



Feiceann Breda, a Phríomhphearsa, é agus fiafraíonn de ar mhaith leis go scríobhfadh sí rud éigin faoin bpictiúr agus freagraíonn sé, *ba mhaith*. Deir sé léi, *Is ceann cipín mé gan súile gan ghruaig gan srón gan bhéal*. Scríobhann Breda an méid sin síos agus cuireann Jonathon an leathanach isteach ina phunann.

Tríd an eispéireas seo foghlaimíonn Jonathon go bhfuil spéis ag Breda sa phictiúr agus ina chuid smaointe air. Measann Breda gur cheangail sé seo le braistint **Féiniúlachta agus Chomhmhuintearais** Jonathon agus cuireann nóta ina dhialann a deir *Taispeánann Jonathon go bhfuil féiniúlacht láidir aige (Aidhm 1) agus go dtuigeann sé na gnéithe sin is cúis le duine a bheith speisialta agus uathúil (LG2). Tá sé in ann taitneamh a bhaint as focail agus a fhios a bheith aige go bhfuil súile, cluasa, srón, béal agus gruaig ag daoine.* Tarraingíonn sí aird Daid ar an dialann nuair bhíonn Jonathon á bhailiú aige.

## Sampla 5: Aiseolas inste




Ar chéad lá an naíonáin sa chreis tugann an cleachtóir aiseolas dá thuismitheoirí i litir a thugann an cleachtóir don bhuachaill beag maille le grianghraf. Léiríonn sé conas a phléigh an cleachtóir leis an bhfaisnéis a bhí tugtha ag máthair an bhuachalla faoina mac agus faoi conas mar a bhí an buachaill ag socrú síos ann.

## Tátal

Cabhraíonn na bealaí simplí, ach bríoch, seo leat le foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú chun eolas luachmhar ar gach leanbh a bhailiú. Cinntíonn an doiciméadacht freisin go mbíonn a bhfoghlaim sofheicthe. Is féidir léi a bheith ina huirlis luachmhar chun cabhrú leat foghlaim agus forbairt breise a phleanáil agus chun tacú leo. Oireann modhanna áirithe do chúinsí éagsúla. Roghnaigh ceann díobh seo nó cuimhnigh ar do sheift féin. Coinnigh simplí é!


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs